# Uachtarán eile Éireannach

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chúlra pholaiteoirí na Stát Aontaithe. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. bothán vótála _____
2. beag beann ar _____
3. sliocht _____
4. muintir _____
5. rogha na coitiantachta _____
6. tar éis an Ghorta Mhóir _____
7. sin-seanathair _____
8. gníomhach _____
9. teach na mbocht _____
10. áit dhúchais _____
11. fáilte Uí Cheallaigh _____
12. chroith mé _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

**Ceist 2** Bí ag caint leis an duine in aice leat. Glacaigí sealanna na focail thuas a chur in abairtí lena mbrí a léiriú. Ní gá na habairtí a scríobh síos, is leor iad a rá amach os ard.

**Ceist 3** Féachaigí ar an mír arís. Glac duine amháin agaibh nótaí faoi chúlra Joe Biden agus an duine eile nótaí faoi chúlra Mike Pence. Déanaigí cur síos dá chéile ar an méid a d'fhoghlaim sibh.

**Ceist 4** '…ó shin…' agus '…as Béal an Átha…'

**A**. Cuir na réamhfhocail shimplí sna boscaí cuí:

**de, do, roimh, ag, i, faoi, le, ó, as, thar, go**

| **Ainmfhocail dar tús consan** | | |
|---|---|---|
| **Séimhiú**<br>(Cuireann na réamhfhocail shimplí seo séimhiú ar na hainmfhocail a leanann iad de ghnáth) | **Gan séimhiú**<br>(Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail shimplí seo) | **Urú**<br>(Cuireann an réamhfhocal simplí seo urú ar an ainmfhocal a leanann é) |

**B**. Cuir an fhoirm cheart den fhocal atá idir lúibíní sna bearnaí.

1. Bhain Sorcha an mála de (Bríd) _____ agus thug sí do (Seán) _____ é.
2. Is as (Gaillimh) _____ don chailín sin.
3. Cé atá ag dul leat go (Baile Átha Cliath) _____?
4. Ní féidir liom é a dhéanamh. Tá mé faoi (brú) _____ i mo chuid oibre.
5. Is as (Dún na nGall) _____ ó (dúchas) _____ iad.
6. Beidh Cillian ag teacht le (Clíona) _____ ar ball.
7. An bhfuil ollscoil i (Corcaigh) _____?
8. Nach raibh aon bhainne fágtha ag (Deirdre) _____?
9. Shiúil mé thar (Siobhán) _____ sa tsráid.
10. Beidh mé críochnaithe roimh (deireadh) _____ an lae.

**Ceist 5** '…cion ar leith…'

Tá a lán frásaí i nGaeilge a bhfuil an focal 'leith' iontu. Cuir na cinn thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

- ar leith
- cuir i leith duine
- tar i leith
- bheith i leith duine
- ó shin i leith

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

**1.** An bhfuil tú sásta le toradh an toghcháin? Cén fáth?
**2.** Cén tábhacht a bhaineann leis an toghchán seo i do shaol féin?
**3.** Déan cur síos ar Donald Trump agus ar Joe Biden.

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

| | |
|---|---|
| 1. bothán vótála | *voting booth* |
| 2. beag beann ar | *regardless of* |
| 3. sliocht | *progeny, offspring* |
| 4. muintir | *extended family, kin, people* |
| 5. rogha na coitiantachta | *favourite, likely winner* |
| 6. tar éis an Ghorta Mhóir | *after the Great Famine* |
| 7. sin-seanathair | *great-grandfather* |
| 8. gníomhach | *active* |
| 9. teach na mbocht | *workhouse* |
| 10. áit dhúchais | *native place* |
| 11. fáilte Uí Cheallaigh | *a warm welcome* |
| 12. chroith mé | *I shook* |

**Ceist 2**

Féach an script. Tabhair deis do gach beirt na focail a chleachtadh le chéile.

**Ceist 3**

Féach an script. Tabhair deis do gach beirt plé a dhéanamh iad féin ar dtús sula bpléifidh tú cúlra na beirte leis an rang iomlán.

**Ceist 4**

| **Ainmfhocail dar tús consan** | | |
|---|---|---|
| **<u>Séimhiú</u>**<br>(Cuireann na réamhfhocail shimplí seo séimhiú ar na hainmfhocail a leanann iad de ghnáth) | **<u>Gan séimhiú</u>**<br>(Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail shimplí seo) | **<u>Urú</u>**<br>(Cuireann an réamhfhocal simplí seo urú ar an ainmfhocal a leanann é) |
| *de, do, roimh, faoi, ó, thar* | *ag, go, le, as* | *i* |

1. Bhain Sorcha an mála de **Bhríd** agus thug sí do **Sheán** é.
2. Is as **Gaillimh** don chailín sin.
3. Cé atá ag dul leat go **Baile Átha Cliath**?
4. Ní féidir liom é a dhéanamh. Tá mé faoi **bhrú** i mo chuid oibre.
5. Is as **Dún na nGall** ó **dhúchas** iad.
6. Beidh Cillian ag teacht le **Clíona** ar ball.
7. An bhfuil ollscoil i **gCorcaigh**?
11. Nach raibh aon bhainne fágtha ag **Deirdre**?
12. Shiúil mé thar **Shiobhán** sa tsráid.
13. Beidh mé críochnaithe roimh **dheireadh** an lae.

**Ceist 5**

ar leith – special, remarkable
cuir i leith duine – to impute/accuse someone
tar i leith – come here
bheith i leith duine – to be in favour of someone
ó shin i leith – from then on

**Ceist 6**

Is féidir gach triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**
Bhur gcéad fáilte ar ais. Trump nó Biden? Bhuel amárach a thabharfaidh pobal Mheiriceá faoi na botháin vótála le huachtarán a thoghadh. Beag beann ar cé acu a bhuafaidh, beidh sliocht Iarthar na hÉireann sa Teach Bán.

Is as Béal an Átha, i gContae Mhaigh Eo cuid de mhuintir Joe Biden agus is as Caisleán an Dumha sa gcontae céanna a rugadh seanathair Mike Pence.

**Shane Ó Curraighín**
Is é Joe Biden rogha na coitiantachta[1] ach níor shíl mórán go mbuafadh Trump ceithre bliana ó shin.

Tá muintir an Iarthair ábalta a mhaíomh go bhfuil ceangal acu leis an dá thaobh. I gCaisleán an Dumha a rugadh seanathair Mike Pence. Is as Béal an Átha a tháinig sliocht Joe Biden.

**Máirtín Ó Maicín, Iriseoir, Caisleán an Bharraigh**
Sna blianta tar éis an Ghorta Mhóir, d'fhág fear darbh ainm Edward Blewitt Béal an Átha agus thóg sé an bád bán go Scranton i Meiriceá. Sin-sin-sin-seanathair le Joe Biden ab ea Edward Blewitt. Sin cúig ghlúin siar. Fear thar a bheith tábhachtach i mBéal an Átha ab ea Blewitt, a bhí thar a bheith gníomhach le linn an Ghorta Mhóir agus bhí sé i gceannas ar na hoibreacha poiblí agus choinnigh sé suas le míle duine ó theach na mbocht.

Trí scór go leith bliain ina dhiaidh sin, d'fhág fear óg eile darbh ainm Richard Michael Cawley deisceart Shligigh agus thóg sé an bád bán go Chicago - seanathair le Mike Pence.

**Shane Ó Curraighín**
Tobar an Choire i ndeisceart Shligigh an baile is cóngaraí d'áit dhúchais shinsear Pence.

**An Comhairleoir Marie Casserly, Comhairle Chontae Shligigh**
Is léir go mbeidh súil an phobail ar dheisceart Shligigh dá dtiocfadh leasuachtarán Pence ar cuairt. Ní chaithfidh tú a bheith ar aon intinn lena chuid tuairimí ar ábhair éagsúla. Is fiú cuimhneamh freisin go bhfuil nasc idir Joe Biden agus iarthar Shligigh agus Béal an Átha.

**Shane Ó Curraighín**
I mBéal an Átha, tá cion ar leith ag an phobal ar Joe Biden.

**Joe Blewitt, Gaol le Joe Biden, Béal an Átha**
Tá clan Blewitt an-bhródúil go bhfuil muid gaolta le Joe Biden. Agus tá súil agam go mbeidh sé ar an gcéad uachtarán eile i Meiriceá.

**Shane Ó Curraighín**
Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh roimh Biden i mBéal an Átha ceithre bliana ó shin.

**Breandán Mac Eachmhartaigh, Béal an Átha**
Bhí mé anseo nuair a tháinig sé. Fear an-deas, cairdiúil agus cneasta atá ann agus do chroith mé a lámh, ach b'fhéidir nach gcuimhníonn sé air sin anois. Tá súil agam go mbeidh sé ina uachtarán.

[1] *coitianta* a dúradh

**Shane Ó Curraighín**
Trí bliana ó shin, tháinig sé ar ais leis an fhód a thiontú ag Ospís Mhaigh Eo-Ros Comáin. Is cuma cén toradh a bheidh ann, beidh sliocht an iarthair sa Teach Bán ar an mhí seo chugainn.

**Máirtín Ó Maicín, Iriseoir, Caisleán an Bharraigh**
Is léir go bhfuil an-mheas ag Biden agus ag Pence ar a muintir ón taobh seo tíre.

**Shane Ó Curraighín**
Shane Ó Curraighín, Nuacht Tg4.